# Súgradh a eagrú: Am agus gnáthaimh

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

***Coincheapa, meonta agus scileanna na bpáistí a fhorbairt i ndáil leis na nithe seo a leanas***

- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile (Teanga ó bhéal)
- Tuiscint a thaispeáint (Teanga ó bhéal)
- Cur síos, tuar agus machnamh a dhéanamh (Teanga ó bhéal)
- Léamhthuiscint (Léitheoireacht)
- Rannpháirtíocht (Scríbhneoireacht)
- Inspreagadh agus rogha (Scríbhneoireacht)

## Réamhrá

Tá cuir chuige súgartha agus spraíúla an-tábhachtach don teagasc agus don fhoghlaim i ranganna na naíonán. Is é is aidhm don Ábhar Tacaíochta seo bealaí praiticiúla a mholadh chun na gnáthaimh a thacaíonn le **deiseanna laethúla le haghaidh súgradh oscailte, faoi stiúir an pháiste**, a eagrú. Níl sé i gceist an súgradh agus an spraoi a theorannú do sheisiún súgartha amháin in aghaidh an lae ach chun cabhrú leat súgradh a thabhairt isteach agus a fhorbairt i do sheomra ranga.

Tá an tÁbhar Tacaíochta seo nasctha le sé phodchraoladh ghairide ina dtugtar faisnéis níos praiticiúla agus a chabhróidh leat na nithe a leanas a dhéanamh:

- deiseanna súgartha a eagrú do na páistí ach **seicheamh seachtainiúil*** agus **gnáthamh laethúil** a chur ar bun
- bealaí a mholadh chun ligean duit am a chaitheamh gach lá **ag glacadh páirte sa súgradh** leis na páistí, agus ar an gcaoi sin tacaítear leis an bhfoghlaim, agus leis an bpleanáil agus leis an measúnú don todhchaí freisin.

* Sna podchraoltaí, tugtar 'róta' air sin ach tá athrú tagtha ar an teanga ó shin agus anois úsáidtear 'seicheamh' atá níos solúbtha.



## Am agus Gnáthaimh – Forléargas

Chun an **seisiún súgartha** a eagrú, tá trí ghnáthamh idirnasctha ann:

- Seicheamh seachtainiúil súgartha
- Gnáthamh laethúil ina bhfuil ceithre chéim don seisiún súgartha
- Gnáthaimh chun cuidiú leis an múinteoir am a chaitheamh gach lá ag idirghníomhú go spraíúil le grúpa páistí agus iad ag súgradh.


Bunaítear na gnáthaimh sin go léir ar chóras de chúig ghrúpa laistigh den rang ag súgradh i gcúig limistéar súgartha (féach an t-ábhar tacaíochta, Ag Eagrú don Súgradh: Acmhainní). Cé gur féidir grúpaí a athshannadh go rialta, ba cheart go mbeadh grúpaí cairdis ina bhfaigheann páistí deis súgradh lena gcairde speisialta mar ghné díobh. Beidh tacaíocht de dhíth ar pháistí a bhfuil a scileanna sóisialta


# Súgradh a eagrú: Am agus gnáthaimh

fós ag forbairt chun dul isteach sa súgradh leis an ngrúpa, agus d'fhéadfadh sé go gcabhródh breathnóireacht chúramach lena chinntiú nach bhfuil páistí a bhíonn ag súgradh leo féin ag déanamh amhlaidh mar gheall ar éiginnteacht faoi conas a bheith páirteach. D'fhéadfadh sé go mbeadh saincheisteanna inscne le meas freisin.

Teastaíonn go leor ama ó pháistí ionas gur féidir a gcuid súgartha a fhorbairt agus ionas go mbraitheann siad gur fiú infheistiú a dhéanamh ann. Is é an soláthar íosta ná **uair an chloig in aghaidh an lae.** Tugann taithí na múinteoirí le fios gurb é an t-am is fearr lena dhéanamh idir sos beag agus am lóin, toisc go bhfuil tús agus deireadh nádúrtha leis an tréimhse ama sin.


## Seicheamh seachtainiúil súgartha




Níl sa seicheamh ach an t-ord ina mbíonn gach grúpa ag súgradh i ngach limistéar súgartha ar laethanta na seachtaine. Ceaptar é chun a chinntiú go bhfuil réimse leathan deiseanna súgartha ag páistí i ranganna móra, agus go bhfuil rochtain ag gach páiste ar an súgradh. Is bealach praiticiúil é an seicheamh freisin do mhúinteoirí chun súil a choinneáil ar a bhfuil á dhéanamh ag gach páiste agus iad ag bainistiú líon mór páistí. Tá sé ina chuidiú má tá amharc-léiriú ag na páistí, mar shampla, cairt rothlach, chun cabhrú leo a fheiceáil cathain a thiocfaidh a seal ag gach limistéar súgartha. Tugann sé cinnteacht dóibh go bhfaighidh siad a seal, agus cabhraíonn sé leo pleanáil chun tosaigh.

# Súgradh a eagrú: Am agus gnáthaimh




### 1. Seisiún treorach

Sula dtosaíonn an súgradh, tugtar am do na páistí **machnamh a dhéanamh ar a ndéanfaidh siad le linn an tsúgartha**. Taispeánann taighde go gcuireann an phleanáil seo súgradh ar chaighdeán níos airde chun cinn. Bíonn foirmeacha éagsúla i gceist leis an seisiún treorach ag brath ar cibé acu is iad na naíonáin shóisearacha nó na naíonáin shinsearacha atá sa rang, nó teaglaim de ranganna. Seo a leanas samplaí de na rudaí a d'fhéadfadh na páistí a dhéanamh mar chuid den seisiún treorach.

***Na naíonáin shóisearacha:***

- Na páistí sa ghrúpa agus i ngrúpaí eile a ainmniú.
- Cur síos a dhéanamh ar an seicheamh seachtainiúil maidir le huainíocht a dhéanamh, tuiscint a fháil ar 'inniu, amárach, inné', agus laethanta na seachtaine a ainmniú.
- Tosú ag críochnú ráitis a thosaíonn le, *táim chun…*

***Na naíonáin shinsearacha – Mar atá thuas agus na nithe seo a leanas freisin:***

- Pleanáil a dhéanamh i mbeirteanna, ag dul ar aghaidh chun pleanáil a dhéanamh i gcomhar le grúpa.
- An plean a thaifeadadh ach marc-chruthú, líníocht agus/nó scríobh a dhéanamh.
- Labhairt faoin bplean, na hacmhainní a theastaíonn a shainaithint.
- Na róil a theastaíonn le haghaidh rólghlacadh a shainaithint, agus cur síos a dhéanamh ar a bhféadfadh gach duine a dhéanamh.
- Tagairt a dhéanamh don phlean 'scríofa' agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar an súgradh.

### 2. Am súgartha

Tugtar tacaíocht do na páistí chun a bheith **an-neamhspleách agus iad ag súgradh** agus áirítear leis sin an socrú agus réiteach. Tógann na páistí acmhainní súgartha amach agus cuireann siad ar ais iad, agus stóráiltear acmhainní ionas gur féidir leis sin tarlú. Beidh sé soiléir cé na réimsí súgartha is fearr leis na páistí. Is féidir le roghanna den sórt sin cabhrú leis an bpleanáil, e.g., is breá le go leor páistí ealaín dramhaíola agus is féidir le múinteoirí freagairt dó sin ach seicheamh seachtainiúil a phleanáil ionas go mbeidh dhá lá as a chéile d'ealaín dramhaíola ag gach grúpa. Cuireann sin ar a chumas an pháiste an rud a thosaíonn sé a chríochnú.



## Súgradh a eagrú: Am agus gnáthaimh




### *3. Am glantacháin*

Trí eispéiris chomhsheasmhacha d'acmhainní a chur ar ais, braitheann an páiste **freagracht** as a thimpeallacht agus forbraíonn sé feasacht ar riachtanais daoine eile a bhainfidh úsáid as na hábhair sin ina dhiaidh. Sa chás go ndearnadh stóráil ábhar a phleanáil go cúramach, déanann na páistí cleachtadh ar rangú, meaitseáil, comparáid agus ordú nuair a théann siad i mbun glantacháin. Úsáideann siad an teanga ghaolmhar ar bhealach bríoch freisin. Tá sé tábhachtach go ndéanann na páistí an glantachán go neamhspleách, mar sin díríonn an múinteoir ar thacaíocht a thabhairt do na páistí sin a dhéanamh seachas é a dhéanamh é féin. Cé go dtógfaidh sé am, is féidir leis cur go mór le féintuilleamaí, neamhspleáchas, féinmhuinín agus féinéifeachtúlacht an pháiste a fhorbairt.

### *4. Plé i mbeirteanna agus tuairisciú*

Tar éis an glantachán a dhéanamh, cuirtear gach páiste i mbeirt le páiste nach raibh sé ag súgradh leis. Tógann na páistí cúig nóiméad nó mar sin chun **labhairt faoi na rudaí a rinne siad**, ansin tugann dhá nó trí bheirt tuairisc don rang. Le himeacht ama, spreagann sin na páistí chun éisteacht leis an bpáiste eile. Oibríonn plé beirte go maith mar an príomhchineál athbhreithnithe. Is féidir sin a mhalartú le, mar shampla, seisiún ceisteanna agus freagraí leis an ngrúpa rólimeartha, ag comhtháthú le ról agus carachtar sa Churaclam Drámaíochta.

Teastaíonn an deis ó gach páiste chun labhairt faoin súgradh, éisteacht a fháil agus, ar a seal, a bheith ina éisteoir ionas go gcloisfear páiste eile.

**Tuairisciú**

Tugann gach páiste tuairisc ar an méid a rinne a chomhpháirtí seachas an méid a rinne sé féin.

# Súgradh a eagrú: Am agus gnáthaimh

## Am idirghníomhaithe le linn an tsúgartha

Cuireann rannpháirtíocht íogair an mhúinteora le cáilíocht an tsúgartha ar scoil. Rachaidh **am a chaitear ag súgradh leis na páistí** chun tairbhe duit féin agus do na páistí. Gach lá, suíonn an múinteoir le **grúpa amháin ar feadh 10 nóiméad ar a laghad.** Tugann daoine áirithe 'an conradh 10 nóiméad' air, ach is féidir leat féin agus leis na páistí teacht ar bhur dteideal féin. Déanann an múinteoir agus na páistí comhaontú, roimh ré, go mbeidh am súgartha gan bhriseadh ag an múinteoir le grúpa áirithe ar feadh 10 nóiméad (nó níos mó). D'fhéadfadh sé go gcabhródh sé leis na páistí cloí leis sin dá mbeadh a fhios acu go bhfaighidh a ngrúpa deis chun súgradh leis an múinteoir freisin, agus is féidir leat a rá leo roimh ré cathain a tharlóidh sin. Tá cúpla rud eile is féidir leis an múinteoir a dhéanamh chun cabhrú leis na páistí cuidiú lena chéile, agus a bheith níos neamhspleáiche agus iad ag súgradh.

## Cúntóirí a úsáid

Straitéis amháin ná go mbeadh 'cúntóirí' ar nós duine a réitíonn fadhbanna nó duine cuidiúil i ngach grúpa. Má bhíonn ceist ag páiste ar bith nó má theastaíonn cuidiú uaidh, téann sé chuig cúntóir i dtosach fad is atá an múinteoir ag súgradh. Tugann róil den sórt sin teachtaireachtaí dearfacha do na páistí maidir le scileanna sóisialta ar nós cuidiú a thabhairt, bheith cairdiúil agus gníomhú go neamhspleách.






## An seomra feithimh

Is féidir le páiste ar bith atá fós ag iarraidh labhairt leis an múinteoir tar éis dó cúnamh a iarraidh ar an gcúntóir, dul chuig an seomra feithimh go dtí go mbeidh an múinteoir saor. Níl ag teastáil ach dhá nó trí chathaoir, bosca d'ábhar léitheoireachta, leathanaigh ar chláir fáiscthe le haghaidh scríbhneoireachta, etc., agus comhartha ar a bhfuil Seomra Feithimh scríofa. Má bhíonn ábhair léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa seomra feithimh, is féidir leis an bpáiste páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí litearthachta, fiú nuair a fhanann sé ar feadh tréimhse fhada.

# Súgradh a eagrú: Am agus gnáthaimh

## Breathnóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an súgradh

Is deis í an idirghníomhaíocht spraíúil, mar a thuairiscítear sa phodchraoladh, chun foghlaim na bpáistí a leathnú, ach is deis í freisin an t-am laethúil idirghníomhaíochta chun **faisnéis mheasúnaithe** a bhailiú. Ach éisteacht leis na páistí agus iad ag caint agus comhrá a dhéanamh leo tabharfaidh sé faisnéis duit, mar shampla, faoina struchtúr abairtí agus a gcuid gramadaí agus a gcumas éisteacht le daoine eile agus freagra a thabhairt orthu. Beidh tú in ann meonta foghlama a bhreathnú agus a mheasúnú mar shampla, an cumas dul i ngleic le deacrachtaí agus leanúint ar aghaidh lena bhfuil siad ag iarraidh a dhéanamh go mbaintear amach é. Seo a leanas dhá mholadh don phleanáil don idirghníomhaíocht le linn an tsúgartha.



- Suigh ag an **limistéar céanna súgartha** (e.g., bloic, marla) **gach lá ar feadh na seachtaine** ionas go bhfaighidh tú deis gach páiste a bhreathnú mar chuid den ghrúpa beag sa chomhthéacs áirithe sin.
- **Lean grúpa amháin páistí ar feadh roinnt laethanta**, fiú ar feadh na gcúig lá iomlána den seicheamh seachtainiúil. Cuireann sé sin ar a chumas an mhúinteora measúnú níos déine a dhéanamh ar na páistí sa ghrúpa sin, agus tugann sé níos mó deiseanna do na páistí idirghníomhú go spraíúil leis an múinteoir. Is deis é seo, i gcomhthéacs ranganna móra, aird a thabhairt ar bhealach córasach ar gach páiste.

Ach an t-am idirghníomhaíochta spraíúla seo a chur isteach mar chuid den ghnáthamh laethúil súgartha, cuidítear leis an múinteoir a bheith níos saineolaí ar shúgradh na bpáistí a fhorbairt agus tacú leis. Maidir le measúnú, éascaíonn an cur chuige seo féinmheasúnú páistí, comhráite idir an múinteoir agus páistí agus breathnóireacht an mhúinteora – trí mhodh measúnaithe atá oiriúnach do pháistí óga mar a mhínítear in *Aistear: Creat Curaclaim don Luath-Óige (CNCM, 2009)*. Tá sé suntasach freisin maidir le faisnéis a sholáthar go comhsheasmhach le himeacht ama faoi, mar shampla, stór focal na bpáistí a fhorbairt, na bealaí ina bhfuil siad ag úsáid a gcuid scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta atá á bhforbairt, agus a neamhspleáchas méadaitheach mar fhoghlaimeoirí.

# Súgradh a eagrú: Am agus gnáthaimh




## Conclúid

*… adults cannot plan children's play, but can plan for children's play…* (Wood, 2013, lch.68). Dearadh na gnáthaimh agus na straitéisí a leagtar amach san Ábhar Tacaíochta seo agus sna podchraoltaí lena mbaineann chun cabhrú le múinteoirí foráil a dhéanamh do shúgradh páistí i seomra ranga na bunscoile. Níos tábhachtaí fós, tá na gnáthaimh dírithe ar na páistí a dhéanamh chomh neamhspleách agus is féidir ionas go bhfaigheann an múinteoir am gach lá chun súgradh leis na páistí. Caithfidh gach duine a bheith ag súgradh chun go n-éireoidh leis an teagasc

## Tagairtí

Bodrova, E. and Leong, D. (2007). Play and Literacy: A Vygotskian Approach. In Roskos, K. & Christie, J., *Play and Literacy in Early Childhood: Research From Multiple Perspectives*. lgh.185–200. Nua-Eabhrac: Lawrence Erlbaum Associates.

Dunphy, L. (2008). Developing pedagogy in infant classes in primary schools in Ireland: learning from research. *Irish Educational Studies*, 27:1, 55–70.

Siraj-Blatchford, I., Sylva, K., Muttock, S., Gilden, R. & Bell, D. (2002). *Researching Effective Pedagogy in the Early Years - Research Report No. 356* Londain; Department for Education and Skills. Ar fáil ag: http://www.learning-concepts.co.uk/research/repey.pdf Accessed 18/5/2015

Walsh, G., Sproule, L., McGuinness, C., Trew, K., Rafferty, H. & Sheehy, N. (2006). An Appropriate Curriculum for 4-5-year-old children in Northern Ireland: Comparing Play-based and Formal Approaches. *Early Years: An International Journal of Research and Development*, Eag. 26, Uimh. 2, 201–221.



Forbraíodh i gcomhar le Dr. Jacqueline Fallon, Church of Ireland College of Education (CICE)